**CINNEADH (AE) 2025/2464 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 1 Nollaig 2025**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2026 a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ('an Conradh') ([1]) a fhormheas thar ceann an Aontais trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle ([2]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) De bhun Airteagal 35 den Chonradh, tá Coiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobal Iompair ('an Coiste Stiúrtha') le buiséad an Chomhphobail Iompair a ghlacadh gach bliain. Ina theannta sin, le hAirteagal 35 den Chonradh tugtar de chumhacht don Choiste Stiúrtha cinntí a ghlacadh lena sonraítear an nós imeachta um chur chun feidhme an bhuiséid.

(3) Tá an Coiste Stiúrtha le cinneadh a ghlacadh maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2026 ag an seisiún deireanach a bheidh aige in 2025.

(4) Buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2026 atá beartaithe, tá gá leis chun go bhfeidhmeoidh Buan-Rúnaíocht agus comhlachtaí an Chomhphobail Iompair mar is cuí. Cumhdaítear leis na costais a bhaineann le hacmhainní daonna, taisteal, trealamh TF agus bogearraí, chomh maith le caiteachas oibríochtúil, mar shampla staidéir, fothú acmhainneachta, cúnamh teicniúil agus eagrú comhdhálacha agus cruinnithe.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha a mhéid a bhaineann leis an gcinneadh maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2026 a ghlacadh a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh sin ina cheangal ar an Aontas de bhua Airteagal 25(1) den Chonradh.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Choiste Stiúrtha a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair ('an Coiste Stiúrtha') a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2026 a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Stiúrtha atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Nollaig 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

---

([1]) IO L 278, 27.10.2017, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2017/1937/oj.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/392/oj).

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. … /2025 Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR**

**an …**

**maidir le glacadh bhuiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2026**

TÁ COISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ([1]), agus go háirithe Airteagal 24(1) agus Airteagal 35 de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal Aonair*

Glactar leis seo buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2026, atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Arna dhéanamh i/in/sa/san …, an … 2025.

*Thar ceann an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh*

*An tUachtarán*

---

([1]) IO L 278, 27.10.2017, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2017/1937/oj.

*IARSCRÍBHINN*

**Buiséad an chomhphobail iompair le haghaidh 2026**

| Líne bhuiséid | Méid (EUR) |
|---|---|
| 1. An Bhuan-Rúnaíocht | |
| 1.1. Acmhainní daonna | 1 753 257 |
| 1.2. Costais taistil | 117 020 |
| 1.3. Costais oifige, trealamh agus bogearraí | 35 220 |
| 1.4. Costais agus seirbhísí eile, lena n-áirítear:<br>— Seirbhísí seachfhoinsithe agus seirbhísí eile (Iniúchadh, Infheictheacht, Oiliúint foirne, Muirir bhainc)<br>— Fothú acmhainneachta<br>— Costais cruinnithe agus chomhdhála<br>— Costais teicneolaíochta faisnéise agus chumarsáide<br>— Costais earcaíochta | 739 741 |
| 1.5. Staidéir, cúnamh teicniúil chun tacú le cur chun feidhme *acquis* agus phleananna gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh | 280 000 |
| 2. An Chomhairle Aireachta | |
| 2.1. Costais cruinnithe agus chomhdhála | 40 000 |
| 3. An Coiste Stiúrtha Réigiúnach | |
| 3.1. Costais cruinnithe agus chomhdhála | 16 500 |
| 4. Coistí teicniúla | |
| 4.1. Costais cruinnithe agus chomhdhála | 185 000 |
| 5. An Fóram Sóisialta | |
| 5.1. Costais cruinnithe agus chomhdhála | 9 500 |
| 6. An Coiste um an mBuiséad | |
| 6.1. Costais cruinnithe agus chomhdhála | 7 386 |
| An Comhiomlán | 3 183 624 |
| Ranníocaíocht ón Aontas Eorpach (80 % den chomhiomlán) | 2 546 899 |
| Ranníocaíocht ó Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa (20 % den chomhiomlán: tugtar an dáileadh de réir tíre in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gConradh) | 636 725 |